

Olltoghchán Seanaid
30 Márta agus 31 Márta 2020

**Tuarascáil arna ullmhú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí
Poiblí**

le cur faoi bhráid an Cheann Chomhairle
faoi réir an tAcht Toghcháin, 1997, arna leasú



Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Samhain 2021

Clár Ábhair

Réamhrá.....	3
Caibidil 1: Brollach	4
Caibidil 2: Faisnéis ghinearálta a bhaineann leis an toghchán	5
Caibidil 3: Nochtadh síntiús arna dhéanamh ag iarrthóirí nár éirigh leo	7
Caibidil 4: Foilseachán ráiteas síntiús	8
Aguisín: Síntiús arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo	9

Réamhrá


Tá áthas orm an tuarascáil seo ar shíntiúis in Olltoghchán Seanaid 2020 a chur faoi bhráid Chathaoirleach Dáil Éireann (Ceann Comhairle), de réir alt 4 (1) den *Acht Toghcháin 1997*, arna leasú (an tAcht).

Cuireadh ráitis síntiús agus dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil isteach chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin (an Coimisiún) de bhun alt 24 den Acht. Cuireadh deimhnithe síntiús airgid/dearbhithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais de bhun alt 23B den Acht.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi riachtanais na reachtaíochta maidir le:

- nochtadh síntiús polaitíochta,
- teorainneacha ar luach na síntiús ar féidir glacadh leo,
- síntiús toirmisce, agus
- ceanglais maidir leis an imréiteach chánach

le fáil i dTreoirínte an Choimisiúin um Olltoghchán Seanad Márta 2020 atá ar fáil ar www.sipo.ie.



Garrett Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Samhain 2021

Caibidil 1: Brollach

Tá foráil déanta leis an Acht Toghcháin 1997, arna leasú (an tAcht), go nochtfar síntiúis d'iarrthóirí i dtoghchán Seanaid. Níl aon teorainneacha ar chaiteachas i dtoghchán Seanaid.

Cuireadh an 32ú Dáil ar lánscoir an 14 Eanáir 2020. De réir alt 8 d'Airteagal 18 an Bhunreacht, bhí riachtanas olltoghchán Seanaid a reáchtáil tráth nach déanaí ná nócha lá tar éis an Dáil a bheith lánscaoilte. Eisíodh páipéir bhallóide do chomhaltaí an phainéil an 16 Márta 2020 agus dúnadh an vótáil an 30 Márta 2020. Eisíodh páipéir bhallóide le haghaidh na ndáilcheantar ollscoile, cuireadh amach sa phost iad an 28 Feabhra 2020, agus dúnadh an vótáil an 31 Márta 2020.

Chuaigh céad daichead is a seacht iarrthóir san iomaíocht sa toghchán (118 iarrthóir painéil agus 29 iarrthóir Ollscoile). Chuir Oifig Cheann Comhairimh an tSeanaid agus na hollscoileanna ábhartha ainmneacha agus seoltaí na n-iarrthóirí painéil ar fáil don Choimisiún. Toghann na painéil ghairme daichead is a trí Sheanadóir. Déanann an dá phainéal ollscoile seisear Seanadóirí a thofa - triúr ó Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus triúr ó Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide).

Bhí forálacha an Achta maidir le síntiúis a nochtadh agus a theorannú i bhfeidhm i dtaca le gach aon iarrthóir sa toghchán. Níl aon teorainneacha ar chaiteachas i dtoghchán Seanaid.

Ceanglaíodh ar na hiarrthóirí sin nár éirigh leo sa toghchán, laistigh de 56 lá ó dhúnadh na vótaíochta, ráiteas síntiús a chur ar fáil don Choimisiún in éineacht le cáipéisí a ghabhann leis. Ina ráiteas, bhí orthu aon síntiús dar luach níos mó ná € 600 a nochtadh. Ba é an 25 Bealtaine 2020 an dáta faoina raibh sé ag teastáil ón gCoimisiún ráitis síntiús a fháil i gcás iarrthóirí painéil nár éirigh leo, agus an 26 Bealtaine 2020 i gcás iarrthóirí ollscoile nár éirigh leo.

Mar chomhaltaí de chuid Seanad Éireann, ní mór do na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sa toghchán ráiteas síntiús bliantúil, in éineacht le cáipéisí a ghabhann leis, a chur isteach chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir 2021 mar chuid den timthriall nochtá bliantúil do chomhaltaí gníomhacha an Oireachtais. Caithfidh sonraí faoi aon síntiús a fuarthas le linn 2020 a bheith curtha san áireamh sna ráitis síntiús seo, lena n-áirítear iad siúd a fuarthas i ndáil leis an olltoghchán Seanaid.

Dá réir sin, ní glactar sa tuarascáil seo ach amháin le síntiús a dhéanann iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán a nochtadh, agus le hábhair ghaolmhara. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar leith i dtaca le síntiús a dtéann chuig TDanna, Seanadóirí agus FPEanna in 2020, in am trátha.

Thug an Coimisiún aird ar na treoirlínte a d'eisigh sé roimh an toghchán agus scrúdaigh sé gach ráiteas a fuarthas lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte agus an reachtaíocht araon. Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, fuair triúr iarrthóirí síntiús toirmisceithe ó dheontóirí corparáideacha neamhchláraithe. De réir mar a tugadh na síntiús seo ar ais ina dhiaidh sin, tá siad uile á gcomhlíonadh anois.

Caibidil 2: Faisnéis ghinearálta a bhaineann leis an toghchán

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte tar éis don ordú vótála don toghchán a bheith eisithe. Ba é cuspóir na dtreoirlínte ná na hiarrthóirí ionchasacha a chur ar an eolas faoi na hoibleagáidí a ghlacfaidís dá roghnóidís rith, agus chun cabhrú le na hiarrthóirí a gcuid oibleagáidí faoin Acht a chomhlíonadh. Chlúdaigh na treoirlínte síntiúis pholaitíochta a ghlacadh agus a nochtadh araon, chomh maith le síntiúis toirmiscithe agus cuntais síntiúis polaitíochta.

Rialacha maidir le síntiúis

Cuntas síntiúis polaitiúil	Nuair a fhaigheann an t-iarrthóir síntiúis de €100 ní mór dó cuntas síntiúis polaitíochta a oscailt (más rud é nach bhfuil ceann aige cheanna féin).
Síntiúis Airgid Tirim	Is é €200 an síntiúis airgid uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire amháin ó dheontóir ar leith.
Deontóirí corparáideacha	Is é €200 an síntiúis airgid uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain féilire amháin ó dheontóir corparáideach ar leith seachas amháin go bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha arna chothabháil ag an gCoimisiún.
Deontóir Aonaire	<ul style="list-style-type: none">• Is é €1.000 an síntiúis uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis in aon bhliain ar leith ó dheontóir ar leith agus ó dheontóir corparáideach cláraithe araon.• Caithfear gach síntiúis a fhaigheann iarrthóir atá níos mó ná €600 a nochtadh ar an Ráiteas Síntiúis.
Deontóirí Iolracha	Sa chás go dtugann deontóir síntiúis le beirt fhaighteoirí nó níos mó (le baill iolracha den pháirtí céanna nó le ball páirtí amháin nó níos mó agus leis an bpáirtí é féin san áireamh), ar mó a luach comhiomlán ná €1,500 , éilítear air/uirthi foirm síntiúis a chur isteach don Choimisiún faoi alt 24(1)(a).
Síntiúis toirmiscithe	<ul style="list-style-type: none">• Tá cosc ar shíntiúis gan ainm ar mó iad ná €100• Ní féidir glacadh le síntiúis ó thíortha eachtracha, ar luach ar bith, nach as oileán na hÉireann iad, seachas ó shaoránach Éireannach nó ó ghnó atá lasmuigh d'oileán na hÉireann é agus a bhfuil oifig dá chuid á chothabháil aige ar oileán na hÉireann as a ndéantar ceann amháin dá phríomhghníomhaíochtaí ar a laghad a threorú.

Dátaí & teorainneacha ábhartha

25 Bealtaine 2020 (56 lá tar éis lá na vótála)	An dáta faoinar féidir le hiarrthóirí painéil ghairme nár éirigh leo ráiteas síntiús/deimhniú síntiús airgid/ráitis bhainc a chur ar fáil don Choimisiún
26 Bealtaine 2020 (56 lá tar éis lá na vótála)	An dáta faoinar féidir le hiarrthóirí painéil ollscoile nár éirigh leo ráiteas síntiús/deimhniú síntiús airgid/ráitis bhainc a chur ar fáil don Choimisiún
31 Eanáir 2021	Dáta nach mór d'iarrthóirí ar éirigh leo a tuairisceáin bhliantúla, lena n-áirítear a ráitis síntiús, deimhniú um shíntiús airgid agus ráitis bhainc a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin.

Caibidil 3: Nochtadh síntiús arna dhéanamh ag iarrthóirí nár éirigh leo

3.1 Ráitis síntiúis agus deimhniú síntiús airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

D'eisigh an Coimisiún treoirlínte maidir le glacadh síntiús agus nochtadh síntiús d'iarrthóirí toghcháin Seanaid an 25 Feabhra 2020. Ina dhiaidh sin, an 17 Aibreán 2020, eisíodh foirm le haghaidh ráitis síntiús, deimhniú síntiús airgid agus dearbhú reachtúil chuig 98 iarrthóir nár éirigh leo (75 iarrthóir painéil agus 23 iarrthóir ollscoile).

Bhí ceanglas ann na ráitis síntiús críochnaithe agus na teastais síntiús airgid a thabhairt ar ais don Choimisiún faoin 25 Bealtaine 2020 i gcás iarrthóirí painéil nár éirigh leo, agus faoin 26 Bealtaine 2020 i gcás iarrthóirí ollscoile nár éirigh leo.

Is cion é faoi alt 25(1)(c) den Acht mainneachtain ráiteas síntiús/foirm dearbhaithe reachtúil a sholáthar agus, nuair is gá, deimhniú síntiús airgid/foirm dearbhaithe reachtúil agus ráiteas bainc a ghabhann leis faoin spriocdháta reachtúil. Tugtar méid suntasach ama d'iarrthóirí nár éirigh leo tar éis an toghcháin chun comhlíonadh.

An 14 Iúil 2020, scríobh an Coimisiún chuig gach iarrthóir nár éirigh leis an doiciméadacht reachtúil a sholáthar de réir mar ar iarradh orthu, agus cuireadh in iúl dóibh go gcuirfí comhad ar an ábhar faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mura bhfaigheann an Coimisiún an doiciméadacht faoin 28 Iúil 2020.

I mí Aibreáin, sheol an Coimisiún comhaid chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le beirt iarrthóirí nár éirigh leo na cáipéisí riachtanach faoin reachtaíocht a thuairisciú. Níor lean an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí aon iarrthóir amháin díobh mar gheall ar an iarrthóir a bheith ina chónaí lasmuigh den stát.

3.2 Síntiús arna nochtadh

De réir alt 4 (1) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús a bhí curtha isteach ag gach aon iarrthóir nár éirigh leo sa toghchán a bhreith. Nocht cúig iarrthóra síntiús dar luach 5,970.94 san iomlán. Tá sonraí faoi na síntiús seo arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán le fáil san Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Ní raibh síntiús ar bith notha ag na hiarrthóirí eile a thug ráiteas síntiús isteach.

Caibidil 4: Foilseachán ráiteas síntiús

De réir alt 24(7)(a) den Acht, tá cóip de na ráitis síntiús go léir a fuair an Coimisiún ó iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán curtha faoi bhráid gach Teach den Oireachtas go leictreonach.

Tá na ráitis síntiús ar fáil ar shuíomh gréasáin Thithe an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

Ceanglaítear le halt 73 den Acht go gcuirfear na ráitis síntiús a gheobhaidh an Coimisiún ar fáil lena n-íniúchadh ag a oifigí atá lonnaithe ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773.

I bhfianaise phaindéim an COVID-19 atá fós ann faoi láthair, tá oifigí an Choimisiúin dúnta agus ní féidir bualadh isteach iontu. A luaithe is a cuirfear deireadh leis na srianta, cuirfear tús leis an iniúchadh duine-le-duine den athuair. Moltar glaoch a chur roimh ré chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil an oifig oscailte do dhaoine chun bualadh isteach. Nuair nach féidir foráil a dhéanamh d'iniúchadh poiblí pearsanta, duine-le-duine, is féidir cóipeanna a chur ar fáil, ach iad a iarraidh, agus iarratas a chur chuig an gCoimisiún í ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar an teileafón ag (01) 639-5666.

Cé go gcoinníonn an Coimisiún deimhnithe síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais, ní chuirtear ar taispeáint go poiblí iad ná ní nochtar ar bhealach eile iad, mura n-éilítear amhlaidh le hordú cúirte nó le fiosrúchán ag an gCoimisiún.

Aguisín: Síntiúis arna nochtadh ag iarrthóirí nár éirigh leo

Ainm an Iarrthóra	Rolla/ Toghcheantar	Ainm, seoladh agus an deontóra, agus cur síos air	Luach an tSíntiú is €	Síntiúis arna gcur ar ais chuig deontóirí €
Clonan, Tom	Ollscoil Bhaile Átha Cliath	Cian McCourt, Hillside, Bóthar Westminster, Carraig an tSionnaigh, Co. Baile Átha Cliath	750	N/B
		John Corless, 43 Bóthar Wellington, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.	1,000	
		Jason Kelly, Gairdíní Menloe, An Dúcharraig, Corcaigh, Co. Chorcaí	1,000	
Cantillon, Dermot*	An Rolla Talmhaíochta	Cumann Thógálaithe Capaill Folaíochta na hÉireann, Na Ghlaschnoic, An Chill, Co. Chill Dara	1,000	800
Dowling, Eva Elizabeth*	Ollscoil na hÉireann	Comhaontas Glas na hÉireann, 16/17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2.	1,000	800
Harkin-Kelly, Martina	An Rolla Oibreachais	Cumann Altraí agus Ban Cabhrach na hÉireann, Foirgneamh Whitworth, Sráid Brunswick Thuaidh, Baile Átha Cliath 7.	220.94	N/B
Priestley, William*	Ollscoil Bhaile Átha Cliath	Comhaontas Glas na hÉireann, 16/17 Sráid Suffolk, Baile Átha Cliath 2.	1,000	800

* Cuireann sé seo in iúl gur deontóir corparáideach neamhchláraithe an deontóir agus gur tugadh an síntiús breise ar ais don deontóir.